RÚN (AE) 2022/1771 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0100/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis maidir le hioncam agus caiteachas ([1]), gurbh ionann buiséad críochnaitheach na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (an "Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020 agus EUR 96 724 337,95 a léiríonn laghdú beag de 0,07 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais, go hiomlán, a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go luaitear i dtuarascáil na Cúirte Iniúchóirí (an "Chúirt") maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil na Cúirte") go bhfuil dearbhuithe réasúnacha faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta iontaofa go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais dlíthiúil agus rialta;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. á thabhairt dá haire gur díol sásaimh go raibh ráta cur chun feidhme de 98,89 % ann i rith bhliain airgeadais 2020 de thoradh ar iarrachtaí faireacháin buiséid, a léiríonn laghdú beag de 0,33 % i gcomparáid le 2019 agus go raibh an ráta forghníomhaithe ag 96,08 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a léiríonn laghdú beag freisin de 0,36 %;

2. á thabhairt dá haire, tar éis bharúlacha na Cúirte, go raibh ráta ard íocaíochtaí déanacha ag an nGníomhaireacht le 4 bliana, agus i gcás 11 % de na híocaíochtaí a rinneadh in 2020; á thabhairt dá haire gur léiríodh feabhas 7 % maidir leis na híocaíochtaí déanacha in 2020 i gcomparáid le 18 % d'íocaíochtaí déanacha in 2019; á thabhairt dá haire go n-áirítear fós i bhfigiúr íocaíochtaí déanacha 2020 an riaráiste íocaíochtaí déanacha "a tugadh anonn" ó 2019. á thabhairt, gan carnadh na n-íocaíochtaí déanacha thuasluaite a chur san áireamh, gurbh ionann na híocaíochtaí a rinneadh tráth níos déanaí ná na teorainneacha ama dlíthiúla agus a bhain le gníomhaíochtaí 2020 agus 3 %; á thabhairt dá haire gur bhain formhór na n-íocaíochtaí déanacha le costais taistil a aisíoc le rannpháirtithe chuig ceardlanna; á aithint freagra na Gníomhaireachta go bhfuarthas baill foirne breise chun íocaíochtaí a phróiseáil agus chun riaráiste 2019 a ghlanadh go hiomlán le linn 2020; á thabhairt dá haire gur chinn an Ghníomhaireacht freisin féachaint an bhféadfaí na haisíocaíochtaí speansas le saineolaithe agus le rannpháirtithe chuig ceardlanna a sheachfhoinsiú chuig Oifig Pámháistir an Choimisiúin; á athdhearbhú an gá atá le dul i ngleic le cás na n-íocaíochtaí déanacha agus an riosca airgeadais agus don cháil, ar a ndearna an Chúirt cur síos, a mhaolú;

Feidhmíocht

3. á chur in iúl gur díol sásaimh di straitéis 2020-2024 na Gníomhaireachta a chuirfidh ar a cumas a cúraimí faireachais mhuirí, sábháilteachta agus slándála a chomhlíonadh agus í á rannchuidiú go héifeachtúil le tosaíochtaí digiteacha agus comhshaoil an Aontais; á chur in iúl go háirithe gur díol sásaimh di gur dhréachtaigh an Ghníomhaireacht, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, an chéad Tuarascáil Eorpach ar an gComhshaol maidir le hIompar Muirí, ina mbailítear faisnéis fhíorúil maidir le lorg comhshaoil na ngníomhaíochtaí loingseoireachta; ag moladh an fheabhsaithe leanúnaigh atá á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar chóras THETIS-MRV agus ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá a thabhairt do EMSA chun faireachán a dhéanamh ar thuairisciú astaíochtaí ó shoithí; á chur in iúl gur geal léi go háirithe gur bhailigh EMSA, don dara bliain as a chéile, sonraí maidir le hastaíochtaí CO_2 ó longa de bhreis agus 5 000 GT in uiscí AE agus gur chuir sé an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i mí an Mheithimh 2020 do 12 000 long a bhuí le THETIS-MRV; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go bhféadfadh an Ghníomhaireacht ról níos tábhachtaí fós a bheith aici maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa earnálacha a mhaolú, chomh maith le rioscaí eile comhshaoil a bhaineann le loingseoireacht, le hacmhainneacht bhreise;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 75.

4. á thabhairt dá haire go mbaineann an Ghníomhaireacht úsáid as eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) chun cur chun feidhme a clár oibre bliantúil a thomhas; á thabhairt dá haire gurb í an mheastóireacht thréimhsiúil ar an nGníomhaireacht an phríomhuirlis chun an luach breise a chuireann a gníomhaíochtaí ar fáil a mheasúnú;

5. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Gníomhaireachta cur leis an gclár oibre glas Eorpach don iompar muirí trí neartú a dhéanamh ar chumas AE an comhshaol muirí a chosaint, an t-athrú aeráide a bhainistiú lena n-áirítear trí aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe leis an rannchuidiú ó iompar muirí a léirítear sa Straitéis maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Cliste a glacadh i mí na Nollag 2020, lenar fógraíodh an t-athbhreithniú ar shainordú EMSA sa Phlean Gníomhaíochta a ghabhann leis; á thabhairt chun suntais go bhfuil reachtaíocht maidir leis an tsábháilteacht mhuirí agus leis an gcomhshaol á nuashonrú i gcomhthráth le seoladh an athbhreithnithe ar shainordú EMSA; ag leagan béim, thairis sin, ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag EMSA maidir le feabhas a chur ar inniúlachtaí measúnaithe riosca i réimsí sábháilteachta, lena n-áirítear maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé go mbeadh gá le coigeartú a dhéanamh dá réir sin ar shainordú EMSA chun a áirithiú go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht a tacaíocht a fheabhsú, agus go bhféadfadh acmhainní buiséadacha a bheith ag gabháil leis an méid sin;

6. á chur in iúl gur geal léi go háirithe go bhfuil méadú tagtha le himeacht na mblianta ar ról na Gníomhaireachta maidir le measúnú agus fíorú a dhéanamh ar chur chun feidhme reachtaíocht slándála muirí AE, mar aon leis an éileamh ar thacaíocht don Choimisiún agus ar d'Údarás Faireacháin CSTE, a bhfuiltear ag súil go leanfaidh sé ar aghaidh níos mó, agus an tosaíocht atá ag dul i méid ar leibhéal an Aontais á léiriú;

7. á chur in iúl gur geal léi an méadú gasta atá tagtha ar Sheirbhísí Faireachais Mhuirí Copernicus, i dtéarmaí líon na n-eagraíochtaí a ndéantar freastal orthu agus líon na dtáirgí faireachais talún a chuirtear ar fáil;

8. á chur in iúl gur díol sásamh cúnamh na Gníomhaireachta don Choimisiún agus do na Ballstáit simpliú, comhchuibhiú agus cuíchóiriú foirmiúlachtaí tuairiscithe a chur chun cinn;

9. á chur in iúl gur geal léi gur mhéadaigh an Ghníomhaireacht a seirbhísí RPAS go dtí 944 lá oibríochta (1 372 uair eitilte) i raon feidhme fheidhmeanna garda cósta agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí AE in oibríochtaí faireachais mhuirí le linn an tríú bliain iomlán d'oibríochtaí Sheirbhísí na nAerárthaí Cianrialaithe (RPAS) a chuireann EMSA ar fáil;

10. á thabhairt dá haire go raibh roinnt srianta ar na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe ag an nGníomhaireacht in 2020 de thoradh phaindéim COVID-19; á thabhairt dá haire nach raibh ar chumas na Gníomhaireachta rannpháirtíocht a sócmhainní freagartha ar thruailliú a eagrú i gcleachtaí, ag baint úsáid as nós imeachta slógtha an Lárionaid Comhordúcháin Práinnfhreagartha; á thabhairt dá haire nárbh fhéidir leis an nGníomhaireacht oiliúint "phraiticiúil" in úsáid na seirbhíse cúnaimh trealaimh a eagrú d'oibreoirí Ballstát; á thabhairt dá haire nár éirigh leis an nGníomhaireacht cruinnithe de chuid Ghrúpa Úsáideoirí CleanSeaNet na Gníomhaireachta a eagrú; á thabhairt dá haire, in ainneoin ráig COVID-19, go raibh ar chumas na Gníomhaireachta formhór na gcuspóirí atá leagtha amach ina plean feidhmíochta don bhliain 2020 a bhaint amach go rathúil;

11. á thabhairt dá haire, i ndiaidh a Plean Straitéisigh Bliantúil 2020, go gcomhoibríonn an Ghníomhaireacht go dlúth leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach maidir le feidhmeanna garda cósta; á thabhairt dá haire gur geal léi iarrachtaí na Gníomhaireachta dul i gcomhar le Ballstáit agus le Gníomhaireachtaí eile maidir le faisnéis oibríochtúil, faireachais agus seirbhísí cumarsáide a mhalartú agus chun deiseanna sonracha a shainaithint chun cumas a chomhroinnt;

12. á chur in iúl gur geal leis, ó 2017 i leith, go bhfuil an socrú oibre tríthaobhach idir an Ghníomhaireacht, an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) ag feidhmiú go maith; á mheas gur sampla é an socrú de shineirge idir gníomhaireachtaí AE ar cheart dó gníomhaireachtaí i réimsí eile a spreagadh;

13. á thabhairt dá haire nár shínigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh an comhaontú ar leibhéal na seirbhíse leis an nGníomhaireacht in 2020, maidir le seirbhísí sábháilte agus éifeachtúla arna bpíolótú go cianda; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas maidir leis an staid reatha agus aon iarmhairtí a bheadh i gceist do chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta a thabhairt le fios;

Beartas foirne

14. á thabhairt dá haire, amhail an 31 Nollaig 2020, go raibh 97,64 % den phlean bunaíochta comhlíonta, go raibh 207 oifigeach agus gníomhaire sealadach (GS) ceaptha as 212 oifigeach agus gníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 212 post údaraithe in 2019); á thabhairt dá haire sa bhreis ar 30 gníomhaire ar conradh arna maoiniú ó bhuiséad na Gníomhaireachta, go raibh 3 gníomhaire ar conradh ó bhuiséad Copernicus, agus 14 saineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Ghníomhaireacht in 2020;

15. ag cur sonrú sa cothromaíocht inscne i measc chomhaltaí bhainistíocht shinsearach na Gníomhaireachta, ar mná 3 as 5 (60 %) díobh; ag cur sonrú san easpa cothromaíochta inscne i measc chomhaltaí bhord bainistíochta na Gníomhaireachta ar fir 46 as 61 (75,41 %) díobh; ag cur sonrú freisin san easpa cothromaíochta inscne i measc fhoireann iomlán na Gníomhaireachta, ar fir 159 as 253 (62,85 %) dá baill; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú a chur san áireamh nuair a bhítear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta;

16. á thabhairt dá haire gur shínigh an Ghníomhaireacht creatchonradh nua le haghaidh seirbhísí eatramhacha i mBealtaine 2020, atá go hiomlán i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena dtrasuítear Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

Soláthar

17. á thabhairt dá haire gur thug an trí shoitheach a fuarthas ar conradh ag deireadh 2019 chun teacht in ionad an chumais fhreagartha sa Mhuir Aidriad, sa Mheánmhuir Láir agus sa Mheánmhuir Thiar, an chéim ullmhúcháin chun críche agus go ndeachaigh i mbun seirbhís oibríochta i lár 2020 agus, ina theannta sin, gur cuireadh soitheach in ionad soitheach amháin ó chonradh reatha i limistéar an Atlantaigh Thuaidh; á thabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht, tar éis nós imeachta um sholáthar poiblí, conarthaí a dhámhachtain i leith trí shoitheach chun teacht in ionad an chumais fhreagartha ar chósta an Atlantaigh Theas, sa Mheánmhuir Thiar agus Láir, agus go mbeidh an trí shoitheach i mbun oibríochta faoi dheireadh 2021; á thabhairt dá haire freisin, chomh maith leis sin go ndearnadh na conarthaí a bhaineann leis an Muir Bhailt, na hOileáin Chanáracha agus Maidéara a athnuachan go ceann tréimhse 4 bliana eile;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

18. á thabhairt dá haire, tar éis ráitis na Cúirte, go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar a nós imeachta agus a treoirlínte a bhaineann le coinbhleachtaí leasa chomhaltaí an choiste roghnúcháin a shainaithint agus a bhainistiú; á thabhairt dá haire gur cuireadh an nós imeachta nua chun feidhme i dtús na bliana 2020 agus go gcinntítear leis tuairisciú agus bainistiú cuí ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann chomh mhaith le próiseas earcaíochta trédhearcach agus cóir;

19. á aithint go mbaineann an Ghníomhaireacht úsáid as dearbhuithe coinbhleachta leasa do chomhaltaí a boird bainistíochta agus a bainistíochta sinsearaí agus go bhfoilsíonn sí iad agus go bhfuil treoirlínte eisithe ag an nGníomhaireacht maidir le coinbhleacht leasa agus go bhfuil socruithe sceithireachta curtha chun feidhme, ar uirlis thábhachtach iad chun calaois, éilliú agus neamhrialtachtaí tromchúiseacha a bhraith;

Rialú Inmheánach

20. á thabhairt dá haire gur íoc an Ghníomhaireacht liúntais suiteála agus chothaithe laethúla le gach ball foirne a earcaíodh mar ghníomhaire sealadacha díreach i ndiaidh dóibh a bheith ar iasacht chuig an nGníomhaireacht; á thabhairt dá haire nár ghlac an Ghníomhaireacht céimeanna leordhóthanacha chun teidlíochtaí ar na liúntas sin a fhíorú agus gurb é a conclúid gurb ionann an cleachtas sin agus laige i rialú inmheánach;

21. á thabhairt dá haire go raibh tarmligean na cumhachta ag cúigear ball foirne i bpoist bhainistíochta sa Ghníomhaireacht a chuir ar a gcumas na cumhachtaí ceannann céanna leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a fheidhmiú maidir le gach mír buiséid; á thabhairt dá haire gurb ionann sin, ann féin, agus riosca agus nach gcuidíonn sin le hordlathas soiléir údaráis, freagrachta ná cuntasachta sa Ghníomhaireacht;

([2]) IO L 327, 5.12.2008, lch. 9.

22. á thabhairt dá haire gur shínigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta cinneadh lenar ceapadh Stiúrthóirí Feidhmiúcháin gníomhacha agus údaráis cheapacháin ghníomhacha trí tharmligean le linn saoire bhliantúil an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, lenar tarmligeadh feidhmiú an dá ról sin go hiomlán le linn na tréimhse sin; á thabhairt dá haire gur sháraigh an cinneadh sin na cumhachtaí arna sannadh ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin in Airteagal 15 de rialachán bunaidh na Gníomhaireachta;

23. ag cur sonrú sa mhéadú ar eisceachtaí cláraithe a bhain, de réir na Gníomhaireachta, go díreach le paindéim COVID-19; á thabhairt dá haire gur geal léi an tuarascáil ón nGníomhaireacht ar na heisceachtaí sin ó tharla go léiríonn sin go bhfuil nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht agus go ndéanann sí cinntí réasúnaithe freisin chun imeacht uathu, nuair a éilíonn na cúinsí amhlaidh;

24. á thabhairt dá haire an measúnú bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht agus conclúid an mheasúnaithe sin go bhfuil gach prionsabal rialaithe inmheánaigh agus an chúig chomhpháirt rialaithe inmheánaigh curtha chun feidhme go leordhóthanach agus go bhfuil siad éifeachtúil tríd is tríd, nach bhfuil gá ach le mionfheabhsuithe, agus nár tuairiscíodh aon laigí tromchúiseacha rialaithe; á iarraidh ar an nGníomhaireacht na laigí arna sainaithint ag an gCúirt a ghlacadh san áireamh mar gur cosúil go léiríonn siad go bhfuil gá le roinnt prionsabal rialaithe inmheánaigh áirithe a threisiú;

25. á chur in iúl gur díol sásaimh di nár eisigh Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa aon mholtaí ná barúlacha criticiúla in 2020 a bhféadfadh forchoimeádas a bheith mar thoradh orthu sa dearbhú bliantúil urrúis; ag leagan béim ar an ngá atá ann na rioscaí a bhaineann le laigí inmheánacha rialaithe bhuiséadaigh a íoslaghdú a mhéid is féidir ([3]) ach gur díol sásaimh di bearta na Gníomhaireachta i mí an Mheithimh 2021 mar fhreagairt ar an méid sin;

Freagairt COVID agus leanúnachas gnó

26. ag moladh an fhíorais go raibh an Ghníomhaireacht in ann oiriúnú go tapa do ghéarchéim COVID-19 agus go raibh sí in ann leanúint de raon agus de cháilíocht na seirbhísí a bhfuil siad ag súil leo a chur ar fáil dá geallsealbhóirí;

27. á thabhairt dá haire, i bhfianaise fhorbairtí phaindéim COVID-19, gur cuireadh ríomhairí ar fáil d'fhoireann na Gníomhaireachta chun dul ag obair ó chian agus gur leanadh den obair mar a bhí beartaithe in 2020; á thabhairt dá haire gur mhéadaigh an Ghníomhaireacht ar an úsáid a baineadh as físchomdhálacha le haghaidh cruinnithe inmheánacha, coistí roghnúcháin d'earcaíocht agus le haghaidh cruinnithe le geallsealbhóirí seachtracha; á thabhairt dá haire freisin gur athraigh an Ghníomhaireacht a cuid modhanna oibre chun bealaí malartacha seachadta oiread seirbhísí agus ab fhéidir a áirithiú agus rinne modhanna agus uirlisí nua a fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith úsáideach sa todhchaí, amhail ceardlanna beochraolta agus modúil RíomhFhoghlama; á mholadh don Ghníomhaireacht leanúint leis na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na paindéime a choinneáil agus leanúint ag úsáid na modhanna oibre a forbraíodh nuair ba ghá le linn na paindéime más ann go bhfuil breisluach ag baint leo sa ré i ndiaidh na paindéime;

28. á thabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht athrú ar a buiséad agus a gníomhaíochtaí de réir ráig COVID-19 trí anailís intí a dhéanamh ar éabhlú na paindéime agus a tionchar ar chlár oibre na Gníomhaireachta; á thabhairt dá haire gur measadh gurbh ionann farasbarr iomlán na Gníomhaireachta ó hathchlárú a gníomhaíochtaí le linn na tréimhse sin agus EUR 1 379 110 i leithreasaí faoi chomhair gealltanas agus EUR 1 602 088 i leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí a tugadh ar ais don Choimisiún Eorpach i gcreat a chleachtais aistrithe domhanda;

29. á thabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte gur eagraigh an Ghníomhaireacht teilea-oibriú don fhoireann uile, ag tosú ón 16 Márta 2020 agus go raibh ag feidhmiú láithreach; á thabhairt dá haire ráiteas na Gníomhaireachta go raibh, faoin 3 Meitheamh 2020, 68 000 cruinniú Skype duine ar dhuine déanta ag an bhfoireann chomh maith le 3 444 comhdháil Skype eagraithe aici, 2 203 cruinniú Teams duine ar dhuine agus 287 cruinniú grúpa Teams;

Tuairimí eile

30. á thabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht ag déanamh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na Scéime Eorpaí um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil a thacaíonn le gealltanas na Gníomhaireachta láthair oibre atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a chruthú agus a chothabháil agus lena feidhmíocht chomhshaoil trí chéile a fheabhsú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an tÚdarás um Urscaoileadh a chur ar an eolas maidir leis an dul chun cinn ar an gcur chun feidhme le linn 2021;

([3]) Tuarascáil bhliantúil CIE maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2020, lch. 130.

31. á iarraidh athuair ar an nGníomhaireacht infhaighteacht a shuímh gréasáin a mhéadú i dteangacha eile seachas an Béarla; á mheas, le níos éagsúlachta teang, go éascófar rochtain ar fhaisnéis do shaoránaigh na hEorpa agus, ar an gcaoi sin, go bhfeabhsófar a dtuiscint agus a n-eolas ar ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh ó thaobh na sábháilteachta muirí de;

32. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([4]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.